2024/731

1.3.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/731 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Feabhra 2024

lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áiríodh iondocsacarb in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh é a bheith formheasta faoin Rialachán sin faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 28 Meitheamh 2018 cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 ('an t-iarratas').

(3) An 12 Samhain 2018 chuir údarás inniúil meastóireachta na Fraince an Coimisiún ar an eolas gur chinn sé, de bhun Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go raibh gá le meastóireacht iomlán ar an iarratas. De bhun Airteagal 8(1) den Rialachán sin, tá an t-údarás inniúil meastóireachta le meastóireacht iomlán a dhéanamh ar an iarratas laistigh de 365 lá tar éis a bhailíochtaithe.

(4) Féadfaidh an t-údarás inniúil meastóireachta, de réir mar is iomchuí, é a chur de cheangal ar an iarratasóir sonraí leordhóthanacha a sholáthar chun an mheastóireacht a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sa chás sin, cuirfear an tréimhse 365 lá ar fionraí ar feadh tréimhse nach faide ná 180 lá ar an iomlán ach amháin má tá údar maith le fionraí níos faide mar gheall ar chineál na sonraí a iarrtar nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

(5) Laistigh de 270 lá tar éis di moladh a fháil ón údarás inniúil meastóireachta, déanfaidh an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') tuairim maidir le hathnuachan fhormheas na substainte gníomhaí a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1030 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh ar atráth go dtí an 30 Meitheamh 2022 dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18, chun go mbeadh dóthain ama ann scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

(7) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1287 ón gCoimisiún ([4]) cuireadh ar atráth arís go dtí an 30 Meitheamh 2024 dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.
([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1030 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2019 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 167, 24.6.2019, lch. 32).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1287 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2021 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 (IO L 279, 3.8.2021, lch. 41).

(8) An 19 Meán Fómhair 2023 chuir údarás inniúil meastóireachta na Fraince an Coimisiún ar an eolas go bhfuil moill ar an meastóireacht toisc gur gá measúnú a dhéanamh ar shonraí maidir le sonraíochtaí tagartha agus airíonna suaite inchrínigh. Tá coinne ag an údarás inniúil meastóireachta leis go gcuirfidh sé an tuarascáil ar an measúnú ar athnuachan faoi bhráid na Gníomhaireachta sa dara ráithe de 2024.

(9) Dá réir sin, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, is dóigh go rachaidh an formheas in éag sula nglacfar cinneadh maidir lena athnuachan. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth an athuair ar feadh tréimhse leordhóthanach chun gur féidir an scrúdú ar an iarratas a chur i gcrích. Agus na teorainneacha ama le haghaidh na meastóireachta ag an údarás inniúil meastóireachta agus le haghaidh ullmhú agus chur isteach na tuairime uaithi ag an nGníomhaireacht á gcur san áireamh, agus an t-am is gá chun go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh an ndéanfar athnuachan ar an bhformheas maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 á chur san áireamh freisin, ba cheart an dáta éaga a chur ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2026.

(10) Tar éis dáta éaga an fhormheasa a chur ar atráth an athuair, beidh iondocsacarb formheasta go fóill lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Dáta éaga an fhormheasa maidir le hiondocsacarb lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1287, cuirtear ar atráth go dtí an 31 Nollaig 2026 é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN